Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14864/25**

**CADREFIN 289**
**FIN 1286**
**POLGEN 177**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034<br>– Díospóireacht bheartais |

## I. STAID NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

1. Tar éis an chéad bhloc de ghnéithe a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh dréachtbhosca caibidlíochta amach anseo a chur i láthair, rinne an Mheitheal Ad Hoc um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (AHWP CAI) dianobair ar na gnéithe idir lúibíní de na tograí faoi Cheannteideal 1 ('Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, tuaithe agus muirí, rathúnas agus slándáil') i rith mhí Dheireadh Fómhair.

2. Ar bhonn an phlé sin, bhailigh an Uachtaránacht na gnéithe is íogaire ó thaobh na polaitíochta de a bhaineann le Ceannteideal 1 atá beartaithe a mbeadh treoir ón leibhéal polaitiúil ag teastáil ina leith.

3. I mí na Samhna, tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht an scrúdú ar na gnéithe idir lúibíní a bhaineann le Ceannteidil 3 ('An Eoraip Dhomhanda') agus le Ceannteideal 4 ('Riarachán') agus le hioncam i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil AHWP a thabhairt chun críche. Ullmhóidh an Uachtaránacht an tríú bloc de ghnéithe a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh dréachtbhosca caibidlíochta amach anseo ar an mbonn sin.

4. Ag an am céanna, leantar den obair ar na tograí earnála uile i bhfoghrúpaí freagracha AHWP CAI agus i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle.

5. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht an chéad dréacht-Bhosca Caibidlíochta a ullmhú lena gcumhdófar gach gné chothrománach de phacáiste CAI atá íogair ó thaobh na polaitíochta de don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta i mí na Nollag roimh an gComhairle Eorpach.

6. Déantar an dréacht-Bhosca Caibidlíochta agus aon ghnéithe a forbraíodh agus é á ullmhú a tharraingt suas agus a fhorbairt faoi fhreagracht na hUachtaránachta amháin. Ní bheidh siad ina gceangal ar aon toscaireacht.

## II. <u>ÁBHAR PLÉ DO NA hAIRÍ</u>

7. Thug an Uachtaránacht dá haire na barúlacha a chuir na toscaireachtaí in iúl le linn an phlé ullmhúcháin. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí díriú ar na ceisteanna seo a leanas maidir le Ceannteideal 1 den togra maidir le CAI:

*Conas is féidir le riaracháin réigiúnacha agus áitiúla a bheith rannpháirteach go hiomchuí in ullmhú agus i gcur chun feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha a bheidh ann amach anseo?*

*Conas is féidir tacaíocht na mbeartas a eascraíonn as oibleagáidí an Chonartha faoi na Pleananna a bheith níos feiceálaí agus uaillmhian fhoriomlán an tsimplithe agus na lúfaireachta á caomhnú ag an am céanna?*